# DRÉACHTCHLÁR UM

# CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

# 2025-2029

# DO

# CHONTAE UÍBH FHAILÍ

## Clár Ábhair


**Cuid 1**

1.1 Réamhrá
1.2 Comhthéacs reachtach an Chláir um Chóiríocht don Lucht Siúil
1.3 Comhairliúchán
1.4 Eolas/feasacht agus comhairliúchán

**Cuid 2 Ráiteas Beartais**

2.1 Ráiteas Beartais
2.2 Cóiríocht a sholáthar
2.3 Tacaíocht a sholáthar
2.4 Campaí neamhúdaraithe
2.5 Bainistíocht Eastáit
2.6 Scéim Iasachta Carbhán

**Cuid 3 Ráiteas Straitéise**

3.1 Údarás Forfheidhmithe
3.2 Cóiríocht a sholáthar
3.3 An Clár a Mhaoiniú
3.4 Cúnamh do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta
3.5 Moltaí cóiríochta a fhorbairt
3.6 Nósanna imeachta chun deacrachtaí a réiteach
3.7 Athbhreithniú ar dhul chun cinn

**Cuid 4 Dul Chun Cinn go Dtí Seo & Measúnú Ar Riachtanais Chóiríochta**

4.1 Dul chun cinn déanta faoi Chláir roimhe seo
4.2 Measúnú ar Riachtanais
4.3 Meastachán ar líon na ndaoine den Lucht Siúil
4.4 Bearta Feidhmithe 2025 - 2029
4.5 Spriocanna Bliantúla

**Cuid 5 Conclúid**

5.1 Conclúid

**Aguisín**

1 Aighneachtaí Faighte
2 Ról na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC)

# Cuid 1

## 1.1 Réamhrá

Faoi fhorálacha Acht Na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, tá de dhualgas ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

Éilíonn Imlitir Tithíochta 46/2023, arna eisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar 18ú Mí na Nollag 2023, go n-ullmhódh Údaráis Tithíochta Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil don tréimhse ón 1ú Eanáir, 2025 go dtí an 31ú Nollaig, 2029 lena Ghlacadh agus lena Chur i bhFeidhm, de réir Alt 10(1) d'Acht 1998. Tá an 31ú Nollaig, 2024 sonraithe ag an Aire mar an dáta is déanaí faoina gcaithfear glacadh le Cláir um Chóiríocht.

Is é An Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil seo an séú Clár a ghlacfaidh an Chomhairle ó cuireadh tús le hAcht na Dtithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998. Sháraigh an Chomhairle a sprioc maidir le 65 aonad cóiríochta a sholáthar sa Chlár reatha 2019-2024; go dtí seo tá cóiríocht curtha ar fáil do 75 teaghlach ó cuireadh tús leis an gClár in 2019.

Faoi láthair tá an Chomhairle ag cur cóiríocht ar fáil don Lucht Siúil i nGrúpthithíocht; Láithreáin Stad; agus Tithíocht Caighdeánach sa Chomhairle agus i gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, agus trí Scéimeanna éagsúla Léasaithe agus Cóiríochta ar Cíos. Tacaíonn an Chomhairle freisin le tionóntachtaí príobháideacha ar cíos tríd an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). Leagtar amach sa Chlár seo moladh na Comhairle seo chun freastal ar riachtanais teaghlaigh den Lucht Siúil a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Chontae seo agus ar an straitéis a ghlacfaidh sí chun na moltaí seo a bhaint amach.

## 1.2 Comhthéacs reachtach An Chláir Um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tháinig Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 i bhfeidhm ar 10ú Meán Fómhair 1998. Is é príomhchuspóir an Achta creat reachtach cuimsitheach a chur ar fáil, a cheanglaíonn ar Údaráis Tithíochta freastal ar riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil a bhfuil gnáthchónaí orthu laistigh dá limistéir riaracháin.

Tá ról lárnach ag forálacha an Achta maidir le cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn agus chun dul i ngleic leis an leithcheal a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhaill den Lucht Siúil. Déanann an tAcht foráil freisin do fhreagairt chuimsitheach phleanáilte ó Údaráis Tithíochta maidir le freastal ar riachtanais éagsúla cóiríochta an Lucht Siúil, próiseas a bhfuil próiseas críochnúil comhairliúcháin mar bhonn agus mar thaca ag gach leas lena mbaineann.

Foráiltear le hailt 21 agus 22 den Acht go mbunófar Coistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC) i ngach Údarás Áitiúil chun comhairle a thabhairt maidir le cóiríocht don Lucht Siúil a sholáthar agus a bhainistiú, lena n-áirítear ullmhú agus cur i bhfeidhm Cláir um Chóiríocht don Lucht Siúil. Leagtar amach ról An Choiste san Aguisín 2. Cuimsíonn ballraíocht an LTACC comhaltaí tofa, oifigigh agus ionadaithe áitiúla don Lucht Siúil.

Léirítear forálacha Acht 1998 i struchtúr an Chláir um Chóiríocht don Lucht Siúil seo.

## 1.3 Comhairliúchán

Ceanglaítear le hAcht na Dtithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 go dtabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin fairsing agus críochnúil agus an Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil á ullmhú agus á chur i bhfeidhm. Ní mór Cláir Chóiríochta a ullmhú i gcomhairle le húdaráis áitiúla tadhlacha eile, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla den Lucht Siúil, An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC), grúpaí pobail ábhartha eile agus an pobal i gcoitinne.

Is é cuspóir an phróisis chomhairliúcháin leathan seo ná a chinntiú go ndéantar leasanna gach duine a bhfuil baint aige nó aici le moltaí do Chóiríocht don Lucht Siúil a mheas, agus chun freagairt phleanáilte agus chuimsitheach ó údaráis tithíochta ar riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil a éascú.

## 1.4 Eolas/feasacht agus comhairliúchán

Leagtar Amach In Acht na Dtithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 agus sna Treoirlínte maidir le hUllmhú, Glacadh agus Cur i bhFeidhm Cláir um Chóiríocht don Lucht Siúil de chuid na nÚdarás Áitiúil 2025 - 2029, a eisíodh i Mí na Nollag 2023, an fráma ama, na fógraí a theastaíonn agus an próiseas comhairliúcháin a theastaíonn chun an Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil a fhorbairt agus a ghlacadh.

Cuireadh fógra faoin rún an Dréachtchlár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2025-2029 a ullmhú agus aighneachtaí a lorg go luath sa phróiseas chuig an gCoiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC), FSS, Údaráis Tithíochta tadhlach, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, agus Comhlachtaí Deonacha/Pobail de réir mar is cuí lena n-áirítear eagraíochtaí Áitiúla don Lucht Siúil.

Fuarthas aighneachtaí ó ocht bpáirtí atá liostaithe in Aguisín a Haon. Rinneadh na haighneachtaí seo a mheas agus an plean seo á ullmhú agus tá siad curtha isteach sa phlean de réir mar is cuí.

Comhlíonfaidh an Chomhairle cibé ceanglais reachtúla atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le comhairliúchán poiblí agus cóiríocht á soláthar aici faoin gclár seo, amhail forálacha Alt 179 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus Cuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú.

Beidh comhairliúchán leis an Lucht Siúil agus a ngrúpaí tacaíochta ina ghné riachtanach den Chlár, go háirithe maidir le sonraí mionsonraithe dearaidh gach forbartha aonair d’fhonn freastal go hiomlán ar riachtanais chóiríochta na dteaghlach den Lucht Siúil a bheidh ina gcónaí iontu.

# Cuid 2: Ráiteas Beartais

## 2.1 Ráiteas Beartais

Mar cheann dá cuspóirí, déanann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a dícheall beartas náisiúnta tithíochta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach teaghlach a bhfuil sé de dhíth orthu ar thithíocht inacmhainne ar ardchaighdeán i dtimpeallacht inghlactha. Déantar freastal ar riachtanais tithíochta aonair trí roinnt scéimeanna agus tionscnaimh éagsúla.

Is é polasaí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí meas a léiriú ar chultúr agus ar fhéiniúlacht shainiúil an Lucht Siúil. Féachfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le cóiríocht a chur ar fáil don Lucht Siúil de réir Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, agus ag féachaint do chóiríocht a chur ar fáil don Lucht Siúil mar a fhoráiltear i
roinnt doiciméad bheartais reachtúla de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, go háirithe na doiciméid seo a leanas: -

- Plean Forbartha Chontae Uíbh Fhailí 2021 - 2027
- Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024 – 2029 (Dréacht – le glacadh ag deireadh 2024)
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Uíbh Fhailí 2024 – 2029 (Dréacht – le glacadh go déanach in 2024)

Déantar tagairt shonrach do Phobal an Lucht Siúil agus do chuspóirí maidir le freastal ar riachtanais chóiríochta sa Phlean Forbartha Contae. Déantar tagairt freisin do na saincheisteanna níos leithne ach gaolmhara a bhaineann le cuimsiú sóisialta agus comhionannas ar fud na ndoiciméad.

Tá na ráitis seo a leanas maidir leis an Lucht Siúil le sonrú i **bPlean Forbartha Contae Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2021-2027 (Caibidil 2):**

- Aithníonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí riachtanais an Lucht Siúil laistigh den Chontae. Tugtar aghaidh orthu seo agus cuirtear i gcrích iad i gcomhthéacs Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024 agus aon chlár ina dhiaidh sin, faoi réir maoinithe **(2.6.3 Sainriachtanais Tithíochta).**

- **HP-02:** Tá sé mar bheartas ag an gComhairle a chinntiú go ndéantar freastal ar bhealach atá oiriúnach dá sainriachtanais ar ghrúpaí a bhfuil riachtanais speisialta tithíochta acu, amhail daoine scothaosta (de réir Straitéis Aoisbhá Uíbh Fhailí 2018-2021 agus aon eagrán ina dhiaidh sin), daoine aonair, daoine faoi mhíchumas fisiciúil agus / nó foghlama, daoine gan dídean, an Lucht Siúil, iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe, agus iad siúd atá i gcóiríocht éigeandála. **(2.7 Polasaithe Tithíochta).**

- **HO-05:** Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle cóiríocht tithíochta agus dálaí maireachtála oiriúnacha a sholáthar don Lucht Siúil i gcomhréir le Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil Uíbh Fhailí 2019 – 2024, agus le haon chlár ina dhiaidh sin arna ghlacadh ag an gComhairle **(2.7 Polasaithe Tithíochta).**

## 2.2 Cóiríocht a Sholáthar

Ní mór d'iarratasóirí atá ag lorg cóiríocht Tithíochta Sóisialta, lena n-áirítear Cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach, iarratas ar Thithíocht Shóisialta agus na doiciméid ábhartha a chur faoi bhráid na Comhairle de réir na Rialachán Tithíochta. Rinneadh foráil sna Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta (Leasú) 2022 maidir le hathbhreithniú ar an bhfoirm iarratais

ar Thithíocht Shóisialta ón 14ú Márta 2022 chun ceist aitheantais don Lucht Siúil a chur san áireamh, chun an Lucht Siúil ar mian leo go ndéanfaí measúnú orthu de réir Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 agus ar mian leo a bheith san áireamh i gCláir Chóiríochta don Lucht Siúil, a shainaithint.

Tá sé mar bheartas ag an gComhairle dul i gcomhairle le hiarratasóirí ón Lucht Siúil maidir lena riachtanais chóiríochta, agus, nuair is cuí, Cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach a chur ar fáil. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé seo ar fáil i gcónaí do gach iarratasóir, áfach, agus, mar sin, déanfar roghanna eile atá ar fáil a fhiosrú agus a thairiscint. Ní ghlacfaidh an Chomhairle freagracht as cóiríocht a sholáthar do theaghlaigh ón Lucht Siúil (trádálaithe san áireamh) a bhogann isteach sa cheantar ó am go ham. Ina theannta sin, diúltóidh an Chomhairle cúnamh a thabhairt má tá siad sásta go bhfuil cóiríocht cuí ar fáil d'iarratasóirí i gceantair eile, nó go bhfuil cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach curtha ar fáil dóibh faoi Chláir um Chóiríocht don Lucht Siúil de chuid Údaráis Tithíochta eile, nó má tá sé d'acmhainn acu cóiríocht den sórt sin a sholáthar óna n-acmhainní féin.

Tá raon iomlán roghanna tithíochta ar fáil chun cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil, lena n-áirítear:

- Tithíocht Shóisialta Caighdeánach
- Grúpthithíocht don Lucht Siúil
- Láithreán Stad don Lucht Siúil
- Scéim Léasaithe Shóisialta / Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCC)
- Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos le tacaíocht ó Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)
- Cúnamh maidir le hÚinéireacht Tithe Príobháideach - Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí, Údarás Áitiúil Iasacht tí, Deontas um Oiriúnú Tithe, Deontas Speisialta don Lucht Siúil, Deontas do Mhaoin Folamh, Obair Fheabhsucháin in Áit Tí

Cuirfidh an Chomhairle tacaíochtaí na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean ar fáil go fóill, nuair is cuí, d'iarratasóirí tithíochta ón Lucht Siúil. Tá Oifigeach um Chosc ar Dhaoine gan Dídean agus Aimsitheoir Áite ÍCT fostaithe ag an gComhairle chun tacú le hiarratasóirí dá leithéid.

## 2.3 Tacaíocht a sholáthar

Tá Oibrí Sóisialta fostaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a bhfuil ról sonrach aige nó aici oibriú le baill den Lucht Siúil. Le linn an Chláir um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024 d'iarr Comhairle Chontae Uíbh Fhailí cead agus tacaíocht ón Roinn chun Oifigeach Cothabhála Tionóntachta don Lucht Siúil (TTSO) a fhostú ar bhonn conartha dhá bhliain, agus d'éirigh leo. Cuireann an TTSO tacaíocht ar fáil do theaghlaigh den Lucht Siúil atá á gceapadh chun tionóntachtaí nua agus dóibh siúd atá i dtionóntachtaí cheana féin agus a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu chun a dtionóntachtaí a choinneáil. I bhfianaise an rath agus an tacaíocht a chuir an TTSO ar fáil, moltar tréimhse níos faide ama a chur leis an gconradh seo tar éis 2025, le linn thréimhse an Chláir seo.

Ina theannta sin, oibríonn an Chomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí reachtúla eile lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Roinn Coimirce Sóisialaí (Leas an Phobail); An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla); An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA); Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (LOETB); grúpaí tacaíochta don Lucht Siúil lena n-áirítear Grúpa Lucht Siúil agus Daoine Socraithe Bhiorra agus Gluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí; agus eagraíochtaí deonacha áitiúla eile chun tacú le soláthar cóiríochta, oideachais, seirbhísí sláinte, tacaíochtaí oiliúna agus fostaíochta agus d'fhonn dúbailt agus comhroinnt acmhainní gan ghá a chosc.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil go leor de riachtanais an Lucht Siúil laistigh de shainchúram na Comhairle. Tá sláinte agus oideachas, mar shampla, lasmuigh de

shainchúram an Údaráis Áitiúil ach mar sin féin tá ról an-tábhachtach acu i leas iomlán na dteaghlach. Déanann an tÚdarás Áitiúil iarracht a chinntiú go gcuirtear ceisteanna dá leithéid a thagann faoina bhráid ar aghaidh chuig na gníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha.

Déanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil a athbhunú chun déileáil le cúrsaí lasmuigh de raon feidhme an chláir seo.

Baineann an Chomhairle leas as saineolas a cuid foirne amhail foireann theicniúil agus riaracháin, foireann airgeadais, oifigigh mheasúnaithe, oifigigh idirchaidrimh tionóntaí, agus oifigigh imscrúdaithe ar iompar frithshóisialta i soláthar tithíochta, i gcothabháil agus i mbainistiú cóiríochta, de réir mar is gá.

## 2.4 Campaí neamhúdaraithe

Tá nós imeachta ag an gComhairle chun freagairt chomhordaithe a chinntiú, nuair a shainaithnítear áitribh shealadacha/campaí neamhúdaraithe as a n-eascraíonn saincheisteanna a bhaineann le sláinte phoiblí, sábháilteacht, comhlíonadh pleanála nó foghail choiriúil. Áirítear ar na cumhachtaí reachtúla atá ar fáil: -

- Alt 10 d'Acht na dTithe (Ilghnéitheach) 1992 arna leasú ag Alt 32 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998
- Alt 69 d'Acht na mBóithre 1993
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) 1948
- Acht na dTtithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994, arna leasú
- An tAcht Sláinte Poiblí (Éire) 1878 arna leasú leis an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992

Tabharfar aird ar aon cheanglais reachtacha nua ina leith seo a fhéadfar a achtú tar éis don Chlár a bheith glactha.

## 2.5 Bainistíocht Eastáit

Cuireann stoc tithíochta slachtmhar agus eastáit tithíochta tarraingteacha le cáilíocht beatha agus leas sóisialta na dtionóntaí.

Caithfidh comhaontú tionóntachta a bheith ag gach tionóntacht ina leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha, agus bíonn gach tionóntacht faoi réir an cíos cuí a íoc. Cuirfidh an Chomhairle ábhar an chomhaontaithe tionóntachta i bhfeidhm ar mhaithe le leas na dtionóntaí go léir a bhfuil cónaí orthu ar an láithreán nó ar an eastát. Tá sé de dhualgas ar gach tionónta a chinntiú go gcomhlíontar coinníollacha uile an chomhaontaithe tionóntachta. Áirítear leis an mbainistíocht eastáit freisin leas na dtionóntaí a chinntiú maidir le taitneamh a bhaint as a dtithe agus iompar frithshóisialta a sheachaint, a chosc agus a mhaolú. Tá Straitéis Iompraíochta Frithshóisialta i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta a eascraíonn as áitribh agus eastáit faoi úinéireacht na Comhairle. Tá tionóntaí i Scéimeanna Grúpthithíochta agus Láithreáin Stad clúdaithe ag an bpolasaí freisin. Níl an t-údarás áitiúil freagrach as iompar frithshóisialta a eascraíonn as tithe faoi úinéireacht phríobháideach nó ó thionóntaí san earnáil cíosa phríobháideach. Ba cheart gearáin ina leith seo a dhéanamh go díreach leis an tiarna talún nó leis an nGarda Síochána.

Tá sé riachtanach go mbeadh na socruithe cuí i bhfeidhm chun cóiríocht don Lucht Siúil a bhainistiú agus a chothabháil. Tá feighlí fostaithe ar bhonn lánaimseartha faoi láthair chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú agus ar chothabháil na dtrí láithreán stad buan i mBiorra agus sa Tulach Mhór, i gcomhar leis na Foirne Cothabhála Tithíochta agus Cuimsithe Sóisialta.

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht agus spreagadh don Lucht Siúil páirt a ghlacadh i mbainistíocht eastáit a láithreacha stad. Anuas air sin, spreagfaidh an Chomhairle rannpháirtíocht an Lucht Siúil i dtionscnaimh bhainistíochta eastáit ina bhfuil an Lucht Siúil ina gcónaí i scéimeanna tithíochta údaráis áitiúil.

## 2.6 Scéim Iasachta Carbhán

Tá athbhreithniú ar bhonn náisiúnta á dhéanamh faoi láthair ar an Scéim Phíolótach Iasachta Carbhán 2023. Níor ghlac Comhairle Chontae Uíbh Fhailí páirt sa Scéim Phíolótach. Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhar leis an LTACC, torthaí an Athbhreithnithe Náisiúnta a mheas.

## Cuid 3: Ráiteas Straitéise

### 3.1 Údarás Forfheidhmithe

Is iad Comhairle Chontae Uíbh Fhailí atá freagrach as an gClár a chur i bhfeidhm sa Chontae. Forbraíodh an Clár Feidhmithe do na trí Cheantar Bardasach in Uíbh Fhailí.

### 3.2 Cóiríocht a sholáthar

Tá sé mar aidhm ag Clár Tithíochta reatha an Rialtais, *Tithíocht do Chách - Plean Nua Tithíochta d'Éirinn (2021 - 2030)*, córas tithíochta na hÉireann a fheabhsú agus níos mó tithe de gach cineál a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu. Úsáideann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí cineálacha éagsúla de sholáthar tithíochta sóisialta chun tithíocht a chur ar fáil a oireann do riachtanais éagsúla an Lucht Siúil. Áirítear orthu sin: soláthar díreach tríd an gclár tógála caipitil; ceannacháin déanta ag an gComhairle agus ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta; aonaid fholmha a athligean ar cíos; tithe a fuarthas trí oibleagáidí 'Cuid V' forbróirí príobháideacha; tithe a fhaightear trí scéimeanna éagsúla léasaithe agus cóiríochta ar cíos; agus, cóiríocht phríobháideach ar cíos a fhaigheann tacaíocht ó Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta.

Tá dúshlán roimh an gcomhairle maidir le láithreáin oiriúnacha a aimsiú chun Grúpthithíocht a sholáthar don Lucht Siúil. D'fhéadfaí áitribh faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a úsáid chun na críche seo, agus d'fhéadfaí láithreáin bhreise a fháil, más gá, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil.

Féadfaidh baill den Lucht Siúil ar mian leo tabhairt faoi sholáthar a gcóiríochta féin úsáid a bhaint as tacaíochtaí amhail iasachtaí tí agus deontais.

### 3.3 An Clár a Mhaoiniú

Ní chuirfear an Clár Cóiríochta i bhfeidhm ach amháin má sholáthraíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an maoiniú cuí. Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil faoi láthair chun cóiríocht don Lucht Siúil go Sonrach a sholáthar. Cuirfear na Scéimeanna Grúpthithíochta nua don Lucht Siúil i bhfeidhm faoi réir maoiniú a bheith ar fáil ón Roinn.

Leanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag obair leis an Roinn chun maoiniú a fháil do na roghanna tithíochta sóisialta éagsúla.

### 3.4 Cúnamh do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Tá caidreamh láidir oibre ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le roinnt Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun roghanna tithíochta sóisialta a chur ar fáil. D'oibrigh an Chomhairle le Cena Culturally Appropriate Homes Teoranta (CENA) chun an Scéim Gcruthaitheachta a fhorbairt ag Siúlán na Seansaireachta, sa Tulach Mhór, a críochnaíodh i Meán Fómhair 2020.

### 3.5 Moltaí cóiríochta a fhorbairt

Tá roinnt príomhchéimeanna i gceist le Cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach a fhorbairt

lena n-áirítear láithreáin oiriúnacha a aimsiú agus a fháil nuair is gá; réamhdhearadh; faomhadh na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; roghnú agus comhairliúchán luath le teaghlaigh den Lucht Siúil maidir leis an bhforbairt atá beartaithe, go háirithe ag céim an dearaidh; comhairliúchán poiblí a éascú; an próiseas pleanála reachtaíochta riachtanach; ullmhú agus roghnú tairisceana; tógáil; leithdháileadh agus réamhthionóntacht. Tá sé ríthábhachtach cumarsáid a choinneáil leis na páirtithe leasmhara go léir le linn an phróisis.

Toisc nach féidir i gcónaí Cóiríocht don Lucht Siúil go Sonrach a fháil, cuirfear cineálacha eile tithíochta san áireamh, lena n-áirítear tithíocht shóisialta chaighdeánach a leithdháileadh ag an gComhairle go díreach nó trí ainmniúchán chuig ceann de na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta éagsúla.

## 3.6 Nósanna imeachta chun deacrachtaí a réiteach

Sa chás go dtagann fadhb leis an gclár cóiríochta chun cinn, beidh pearsanra na comhairle a bhfuil baint acu le cóiríocht a chur ar fáil don Lucht Siúil ar fáil chun cúnamh a thabhairt. Má theipeann ar chomhairliúchán agus plé áitiúil saincheisteanna a réiteach, féadfar dul i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí idirghabhála cuí.

Ar feadh thréimhse an Chláir seo, leanfaidh Gluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí (OTM) agus Grúpa Lucht Siúil & Daoine Socraithe Bhiorra ar aghaidh ag cur cúnaimh ar fáil. Aithnítear comhoibriú agus cúnamh an dá eagraíocht seo le linn na paindéime Covid-19, a tharla le linn thréimhse an Chláir 2019-2024.

## 3.7 Athbhreithniú ar dhul chun cinn

Cuirfear athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn an Chláir faoi bhráid an Choiste Comhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC) agus Choiste Beartais Straitéisigh Tithíochta (SPC) na Comhairle, ag tagairt go sonrach don Chlár Chóiríochta a chur i bhfeidhm. Áireofar leis seo tuarascáil ar líon na dteaghlach ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh agus ar líon na n-aonad agus an cineál cóiríochta a cuireadh ar fáil.

Déanfar athbhreithniú reachtúil ar an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil tar éis trí bliana agus cuirfear an daonáireamh bliantúil is déanaí agus na leasuithe cuí san áireamh sa Chlár. Faoi Alt 17(1)(a) d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, tá treoir tugtha ag an Aire go gcríochnófaí athbhreithniú ar an gclár cóiríochta 2025-2029 faoin 30ú Meitheamh, 2027.

## Cuid 4: Dul Chun Cinn go Dtí Seo & Measúnú ar Riachtanais Chóiríochta

### 4.1 Dul Chun Cinn Déanta Faoi Chláir Roimhe Seo

Bhunaigh Údaráis Áitiúla Uíbh Fhailí an chéad Choiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCLTA) i mí an Mheithimh 1999, agus tagann an Coiste le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana. Leagtar amach ról An Choiste in Aguisín 2.

Tá na Cláir um Chóiríocht don Lucht Siúil seo a leanas glactha ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí de réir Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998: -

- Glacadh leis an gcéad Chlár um Chóiríocht don Lucht Siúil chun an tréimhse 2000-2004 a chlúdach.
  Cuireadh cóiríocht ar fáil do 82 teaghlach faoin gClár seo.

- Chlúdaigh an dara Clár an tréimhse 2005-2008. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 74 teaghlach faoin gClár seo.

- Chlúdaigh an tríú Clár, a glacadh ar an 20 Aibreán 2009, an tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31ú Nollaig 2013. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 42 teaghlach faoin gClár seo.

- Chlúdaigh an ceathrú Clár, a glacadh ar an 14ú Feabhra 2014, an tréimhse ón 1ú Eanáir 2014 go dtí an 31ú Nollaig 2018. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 98 teaghlach san iomlán faoin gClár seo, rud a léirigh méadú 53% ar an sprioc a leagtar amach sa Chlár.

- Chlúdaigh an cúigiú Clár, a glacadh an 16ú Meán Fómhair 2019, an tréimhse ón 1ú Iúil 2019 go dtí an 31ú Nollaig 2024. Sáraíodh an sprioc chun 65 aonad cóiríochta a sholáthar faoin gClár agus tá 75 aonad cóiríochta curtha ar fáil go dtí seo.

Tá traidisiún láidir ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus ag iar-Chomhairlí Baile Bhiorra agus na Tulaí Móire ag soláthar tithíochta don Lucht Siúil, ag dul siar roimh Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.

### 4.2 Measúnú ar Riachtanais

Faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, ní mór d'Údaráis Tithíochta riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil atá i dteideal tacaíochta tithíochta sóisialta faoi Alt 20 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a mheas, lena n-áirítear an gá atá le láithreáin, d'fhonn clár a ullmhú ina limistéar feidhme féin.

Ní mór don Chomhairle Meastachán Bliantúil a dhéanamh ar theaghlaigh an Lucht Siúil agus ar a stádas cóiríochta gach Samhain. Leagtar amach na tuairisceáin do 2023 i dTábla 4.2.1 thíos. Léirigh an comhaireamh go raibh 361 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí i gContae Uíbh Fhailí ar an dáta sonraithe, 24ú Samhain 2023, rud a thug eolas d'fhorbairt an chláir reatha seo.

***Tábla 4.2.1 Meastachán Bliantúil ar theaghlaigh den Lucht Siúil agus a stádas cóiríochta do Chontae Uíbh Fháilí, a rinneadh ar an 24ú Samhain, 2023.***

| | |
|---|---|
| Tithíocht Caighdeánach Údaráis Áitiúil | 146 |
| Grúpthithíocht Údaráis Áitiúil | 7 |
| Tithíocht Úinéir-áitithe faoi Úinéireacht Phríobháideach a fuarthas nó a feabhsaíodh le Cúnamh ón Údarás Áitiúil | 21 |
| Tithíocht Úinéir-áitithe faoi Úinéireacht Phríobháideach a fuarthas nó a feabhsaíodh le Cúnamh Ón Údarás Áitiúil | 7 |
| Príobháideach ar Cíos (ÍCT 18, Acmhainní Féin 2) | 20 |
| SCC Agus Tionóntachtaí Scéimeanna Léasaithe Sóisialta | 12 |
| Tithíocht Dheonach | 46 |
| Láithreáin Stad Buan | 24 |
| Cóiríocht chomhroinnte i dTithíocht Caighdeánach/LA/Grúpthithíocht/ CCT/SCC/ Léasú Sóisialta | 26 |
| Cóiríocht chomhroinnte i dTithíocht Úinéir-áitithe faoi Úinéireacht Phríobháideach | 3 |
| Cóiríocht chomhroinnte i dTithíocht Phríobháideach ar Cíos | 3 |
| Cóiríocht chomhroinnte ar Láithreáin Stad Buana | 10 |
| Ag áitiú go mídhleathach/cosáin ar Láithreáin Stad Buana | 7 |
| Láithreáin cois Bóthair/Neamhoifigiúla lena n-áirítear Clóis Phríobháideacha | 26 |
| Cóiríocht Éigeandála | 3 |
| IOMLÁN | 361 |

As na 361 teaghlach seo a taifeadadh ar an 24ú Samhain 2023, measadh go raibh slándáil tionóntachta ag 283 teaghlach (78%) i dtithíocht nó ar bhá láithreáin stad oifigiúil; Bhí 42 teaghlach (12%) ag roinnt lóistín i gcineálacha éagsúla cóiríochta; Bhí 33 teaghlach (9%) ina gcónaí i gcóiríocht carbhán ar láithreáin neamhúdaraithe éagsúla; bhí 3 theaghlach (1%) i gcóiríocht éigeandála.

Bhí 77 iarratasóir faofa ar thithíocht shóisialta ó bhaill den Lucht Siúil in Uíbh Fhailí i Márta 2024. As na 77 iarratasóir seo, bhí 51 ag lorg tithíocht chaighdeánach amháin (66%), léirigh 26 spéis i gCóiríocht don Lucht Siúil go sonrach, .i. Láithreán Stad nó Grúpthithíocht (34%). As an 26 iarratasóir seo, bhí ceathrar ag lorg Láithreán Stad amháin; bhí ceathrar ag lorg Grúpthithíocht amháin agus bhí deichniúr ag lorg Grúpthithíocht nó Tithíocht Caighdeánach. Bhí 8 n-iarratasóir eile ag lorg Láithreán Stad, Grúpthithíocht nó Tithíocht Chaighdeánach.

Tá an ghanntanas cóiríochta príobháidí inacmhainne ar cíos, ag dul i bhfeidhm go mór ar gach gné de shochaí na hÉireann. Tá an ghanntanas cóiríochta príobháidí inacmhainne ar cíos ag cruthú fadhbanna móra tithíochta in Uíbh Fhailí freisin, agus tá pobal an Lucht Siúil in Uíbh Fhailí buailte go mór. Tá líon na dteaghlach den Lucht Siúil i gcóiríocht phríobháideach ar cíos ag laghdú i gcónaí le cúig bliana anuas, ó 44 go 20. Tá go leor de na socruithe cóiríochta nua atá leagtha amach i dTábla 4.2.1 thuas tagtha chun cinn mar gheall ar an laghdú ar sholáthar cóiríochta príobháidí ar cíos sa Chontae.

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí tar éis leas a bhaint as an Scéim Cíos Costais do Thionóntaí in Situ (TiS) ó tháinig deireadh leis an “Tréimhse Éigeandála Gheimhridh” faoin *Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Dátaí Foirceanta Tionóntachtaí Áirithe a Iarchur), 2022* ar

an 31 Aibreán, 2023. Fuarthas roinnt aonad tithíochta sa chás go bhfuair an Tionónta Fógra bailí Foirceanta agus tá freastal déanta ar riachtanais chóiríochta ceithre theaghlach den Lucht Siúil go dtí seo le cabhair ón scéim TiS.

### 4.3 Meastachán ar líon na ndaoine den Lucht Siúil

Athraíonn líon agus láithreacha na dteaghlach go minic. Go stairiúil, bhí formhór na dteaghlach lonnaithe sa Tulach Mhór agus an ceantar máguaird, i mBiorra, agus líon i bhfad níos ísle in Éadan Doire.

Tagann méadú ar dhaonra an Lucht Siúil sa Chontae ó am go chéile nuair a thagann an Lucht Siúil ó áiteanna eile sa tír, go háirithe le linn míonna an tsamhraidh.

I mí na Samhna 2018, áiríodh 320 teaghlach den Lucht Siúil sa Chontae. I mí na Samhna 2023, áiríodh 361 teaghlach den Lucht Siúil sa Chontae, méadú de 41 teaghlach.

Bunaithe ar na treochtaí seo le déanaí, tá sé deacair an méid teaghlaigh den Lucht Siúil sa Chontae a thuar go cruinn. Le linn an Chláir, meastar go dtiocfaidh méadú de thart ar 36 ar líon na dteaghlach, rud a léiríonn méadú 10% ar líon iomlán na dteaghlach den Lucht Siúil a taifeadadh i mí na Samhna 2023.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, meastar go mbeidh gá le 96 tacaíocht tithíochta i rith thréimhse an Chláir.

### 4.4 Bearta Feidhmithe 2025 - 2029

Beidh réimse roghanna cóiríochta ag teastáil chun freastal ar riachtanais an Lucht Siúil thar thréimhse an Chláir 2025 – 2029.

Tá méadú tagtha ar líon na n-iarratas ar aonaid chónaithe a ceadaíodh in Uíbh Fhailí le tamall anuas i Roinn Pleanála na Comhairle agus, de réir mar a thagann na haonaid tithíochta nua seo chun cinn ar fud an Chontae, táthar ag súil go bhfeicfear méadú suntasach ar aonaid chóiríochta phríobháideacha nua ar cíos sa tréimhse 2 go 5 bliana amach romhainn.

Áireofar ar roghanna agus acmhainní an Údaráis Áitiúil maidir le cóiríocht a sholáthar:

(a) Tithíocht Shóisialta Chaighdeánach (Údarás Áitiúil agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta)
(b) Scéim Grúpthithíochta
(c) Láithreán Stad
(d) Scéim Léasaithe agus Scéim Cóiríochta ar Cíos
(e) Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos le tacaíocht trí Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
(f) Iasacht Tí ón Údarás Áitiúil
(g) Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí
(h) Deontais Oiriúnaithe Tithíochta
(i) Obair Fheabhsúcháin in Áit Tí
(j) Deontas Speisialta don Lucht Siúil
(k) Aistrithe Tithíochta

Déanfar an Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2025 - 2029 a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an tsoláthair tithíochta sóisialta atá ar fáil, éilimh thosaíochta iomaíocha, agus an chaoi go bhfuil tréimhse feithimh ann do gach iarratasóir tithíochta sóisialta nua-cheadaithe fanacht sula ndéantar teach sóisialta a leithdháileadh orthu.

Díreoidh an clár go príomha ar thithíocht shóisialta chaighdeánach a chur ar fáil, trí aonaid nua nó trí chorrfholúntais de réir mar a thagann siad chun cinn le linn na tréimhse seachadta, de réir Scéim Leithdháilte Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Áirítear le tithíocht shóisialta chaighdeánach tithíocht a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil nó Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta go díreach, nó trí shocruithe léasaithe. Is féidir cúnamh a thabhairt do na teaghlaigh sin nár tháinig isteach ar liosta feithimh tithíochta sóisialta na Comhairle ach le déanaí tríd an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

## 4.5 Spriocanna Bliantúla

Ós rud é go mbeidh an clár ag díriú go príomha ar an gClár Tithíochta Sóisialta, tá sé deacair meastachán a dhéanamh ar líon na dteaghlach a ndéanfar cóiríocht a leithdháileadh orthu i gcaitheamh thréimhse an chláir seo. Sháraigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a spriocanna i gClár 2019-2024 trí 10 n-aonad cóiríochta breise a sholáthar go dtí seo. Ina ainneoin sin, ní mór do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a bheith ar an eolas faoi na coinníollacha seachtracha seo a leanas a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar a cumas freastal ar an riachtanas tithíochta aitheanta:

- Forbairt an mhargaidh cíosa phríobháidigh ionas go laghdófar an brú ar réadmhaoine ar cíos agus go mbeidh soláthar tithíochta sa Chontae ar fáil níos éasca. Méadóidh forbairt scéimeanna tithíochta príobháideacha stoc tithíochta na Comhairle go díreach freisin, trí réadmhaoin Chuid V a fháil.

- Réadmhaoine inacmhainne a bheith ar fáil tríd an margadh cíosa príobháideach, a chomhlíonann SCC agus roghanna léasaithe.

- Soláthar leanúnach maoinithe do thionscnaimh tógála agus ceannach aonad tithíochta sóisialta.

- Coinneofar leithdháileadh na bhfolúntas Grúpthithíochta agus Láithreáin Stad d'iarratasóirí den Lucht Siúil.

- Cúinsí agus srianta seachtracha gan choinne sa tionscal tógála.

***Tábla 4.5 Spriocanna Bliantúla maidir le hAonaid Chóiríochta atá le soláthar:***

| Dréachtchlár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2025 - 2029 | | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | Fo-Iomlán | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach Bhiorra** | Caighdeánach/SCC/Léasú/CCT | 4 | 3 | 4 | 2 | 4 | **17** | 25 |
| | GHS | | 4 | | 4 | | **8** | |
| | Bánna Láithreáin Stad | | | | | | | |
| **Ceantar Bardasach na Tulaí Móire** | Caighdeánach/SCC/Léasú/CCT | 7 | 6 | 8 | 6 | 6 | **33** | 45 |
| | GHS | | 4 | | | 4 | **8** | |
| | Bánna Láithreáin Stad | | 4 | | | | **4** | |
| | Caighdeánach/SCC/Léasú/CC | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | **10** | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach Éadan Doire** | T | | | | | | | 10 |
| | GHS | | | | | | | |
| | Láithreán Stad | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | **80** |

## (a) Tithíocht Shóisialta Chaighdeánach (Údarás Áitiúil, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Socruithe Léasaithe)

Sainaithníodh na hiarratasóirí ar Liosta Tithíochta na Comhairle, a bhí ag lorg Tithíocht Shóisialta Chaighdeánach, tríd an Measúnú Riachtanas (4.2 thuas). Is féidir leis an Údarás Áitiúil tithíocht shóisialta chaighdeánach a chur ar fáil go díreach, nó is féidir leis an gComhairle iarratasóir a ainmniú chuig Comhlacht Tithíochta Faofa. Tá ról tábhachtach ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i soláthar tithíochta ar fud an Chontae. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag spreagadh agus ag tacú le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a bhfuil baint acu le Cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach a chur ar fáil. Cuireann an Scéim Léasaithe Shóisialta agus an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) aonaid tithíochta ar fáil don Chomhairle le leithdháileadh orthu siúd atá ar an Liosta Tithíochta agus is cuid riachtanach iad den Soláthar Tithíochta Sóisialta in Uíbh Fhailí.

Tá sé beartaithe go gcuirfear 60 aonad ar fáil faoin gcatagóir seo le linn thréimhse an Chláir.

## (a) Scéim Grúpthithíochta

Tá forbraíocht 4-aonad á tógáil faoi láthair faoin Scéim Grúpthithíochta agus tá sé beartaithe é a chur i gcrích le linn an Chláir 2019-2024. Cuireadh Scéim Grúpthithíochta eile i gcrích i Siúlán na Seansaireachta, An Tulach Mhór i Meán Fómhair 2020 le comhoibriú CENA. Tá forbairt dhá Scéim Grúpthithíochta breise i gCeantar Bardasach Thulach Mhór, a bhí beartaithe don Chlár 2019-2024, curtha san áireamh sa Chlár 2025-2029, agus tá dhá Scéim eile beartaithe do Cheantar Bardasach Bhiorra. D'éirigh go hiontach leis na comhairliúcháin réamhfhorbartha a reáchtáladh leis na teaghlaigh ábhartha agus bhí siad tairbheach do gach duine a bhí bainteach le Scéimeanna Bhóthar Croghan agus Siúlán na Seansaireachta. Reáchtálfar comhairliúcháin den chineál céanna le haghaidh Scéimeanna pleanáilte le linn an Chláir 2025-2029.

## (b) Láithreán Stad

Cuirtear dhá Láithreán Stad ar fáil i mBiorra, is iad sin, Páirc Shruthán an Mhuilinn, Biorra (8 mbá) agus Bóthar Croghan, Biorra (6 bhá). Tá sé beartaithe go ndéanfaí oibreacha athchóirithe ar na láithreacha seo i rith thréimhse an Chláir seo. Tá tús curtha leis an gcomhairliúchán le cónaitheoirí Pháirc Shruthán an Mhuilinn, Biorra, agus leanfar ar aghaidh leis seo. Reáchtálfar comhairliúcháin den chineál céanna le cónaitheoirí Bhóthar Croghan, Biorra.

Tá sé beartaithe freisin go ndéanfaí oibreacha athchóirithe ar Láithreán Stad Chill Chruitín (16 bhá) i gcaitheamh an Chláir seo. Áireofar leis seo athchóiriú a dhéanamh ar na ceithre aonad folmha atá san áireamh sna Spriocanna Bliantúla thuas. Cuirfear tús leis an gcomhairliúchán le cónaitheoirí Chill Chruitín roimh dheireadh an Chláir 2019-2024.

Sainaithníodh na hiarratasóirí ar Liosta Tithíochta na Comhairle a bhí ag lorg Cóiríocht Láithreáin Stad, tríd an Measúnú Riachtanas (4.2 thuas), agus déanfar iad a mheas le haghaidh folúntais nua-athchóirithe agus/nó corrfholúntas de réir mar a thagann siad chun cinn ar na Láithreáin atá i mBiorra agus sa Tulach Mhór. Níl sé beartaithe aon spásanna breise do láithreáin stad a chur ar fáil le linn an Chláir seo.

***Láithreáin Neamhbhuan***: I bhfianaise an éilimh atá ann faoi láthair ar chóiríocht bhuan don Lucht Siúil go sonrach, meastar gur cheart tosaíocht a thabhairt do na riachtanais bhuanchóiríochta a shainaithnítear sa Chlár seo a sholáthar. Dá bhrí sin, níl aon fhoráil ann do chóiríocht Neamhbhuan sa Chlár 2025-2029.

### (c) Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Leanfaidh an Íocaíocht Cúnaimh tithíochta (ÍCT) de bheith ina cuid lárnach den tacaíocht tithíochta sóisialta a sholáthraíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí d'iarratasóirí den Lucht Siúil le linn an Chláir seo. Faoi ÍCT beidh ar an iarratasóir tithíochta a rogha cóiríochta féin a aimsiú san earnáil phríobháideach cíosa. Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir incháilithe agus ceadaithe le haghaidh ÍCT, íocfaidh an t-údarás áitiúil ranníocaíocht, arna fhorordú le ciorclán, go díreach lena dtiarna talún. (Beidh ar an iarratasóir aon íocaíochtaí breisithe a íoc leis an tiarna talún a bhaineann leis.) Mar chúiteamh beidh ar an iarratasóir ranníocaíocht i leith cíosa a íoc leis an údarás áitiúil. Cíos difreálach a bheidh anseo bunaithe ar ioncam seachtainiúil a dteaghlaigh, cosúil leis an gcíos difreálach a ghearrtar ar thithíocht uile an údaráis áitiúil. Chomh luath agus a fhaigheann an t-iarratasóir ÍCT, comhlíontar a riachtanais tithíochta. Beidh siad fós in ann iarratas a dhéanamh ar aistriú chuig cineálacha eile tithíochta sóisialta.

Cé go n-aithnítear go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar sholáthar réadmhaoine ÍCT ar fud na n-earnálacha go léir le blianta beaga anuas, táthar ag súil go bhfeicfear méadú ar aonaid nua cóiríochta príobháideacha ar cíos le linn thréimhse an Chláir seo mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíocht tógála. Leanfaidh an Chomhairle, tríd Aimsitheoir Áite ÍCT, ag cabhrú le teaghlaigh den Lucht Siúil chun cóiríocht phríobháideach ar cíos a fháil. Déanfar monatóireacht agus tuairisciú don LTACC ar líon na ndaoine den Lucht Siúil a fhaigheann tacaíocht trí ÍCT.

### (d) Tacaíochtaí Tithíochta Eile

Leanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí de thacaíochtaí eile a chur ar fáil mar atá leagtha amach i 4.4 Bearta Feidhmithe thuas. Is bealach tábhachtach iad oibreacha oiriúnaithe chun cabhrú le teaghlaigh den Lucht Siúil ina dtithe reatha nuair a bhíonn duine den teaghlach faoi mhíchumas agus nuair a bhíonn gá le hathruithe ar leith ar an réadmhaoin dá bharr.

## Cuid 5: Conclúid

### 5.1 Conclúid

Tá dúshlán suntasach roimh Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí maidir leis na cuspóirí atá sonraithe sa Chlár seo a bhaint amach. Is é an bealach is éifeachtaí chun an Clár a chur i bhfeidhm ná trí phróiseas comhpháirtíochta leis an Lucht Siúil agus trí chomhairliúchán forleathan leis na páirtithe leasmhara go léir.

Beidh ról tábhachtach ag an gCoiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil sa phróiseas freisin. Cuirfidh sé fóram struchtúrtha ar fáil, go háirithe, le haghaidh cumarsáid idir an Lucht Siúil agus an Chomhairle.

Tá an Chomhairle muiníneach go n-éireoidh leis an gcur chuige atá leagtha amach sa Chlár seo chun aghaidh a thabhairt ar chóiríocht agus dálaí maireachtála atá feiliúnach don lucht siúil a chur ar fáil, faoi réir na nithe seo a leanas:

- Tiomantas an Rialtais Láir do na hacmhainní caipitil riachtanacha a chur ar fáil.
- Clár struchtúrtha cúig bliana a bheith ar fáil ina leagtar amach spriocanna agus cuspóirí cóiríochta soiléire agus cur chuige praiticiúil maidir leis na cuspóirí sin a chur i bhfeidhm agus a bhaint amach.
- Éiteas agus comhaontú i measc na bpáirtithe go léir go gcaithfidh comhairliúchán a bheith fiúntach agus ábhartha.
- Sainfhoireann thiomnaithe a bheith ar fáil i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí.
- Próiseas rathúil fóraim do bhainistíocht eastáit.
- Coiste Comhairleach Áitiúil réamhghníomhach um Chóiríocht don Lucht Siúil.
- Dea-chaidreamh oibre idir an tÚdarás Áitiúil agus an Lucht Siúil sa chontae.

## Aguisín 1

Fuarthas aighneachtaí uathu seo a leanas:

- Comhaighneacht ó Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann; Fóram Náisiúnta na mBan den Lucht Siúil; agus Ionad Lucht Siúil agus Roma Pavee Point
- Grúpa Lucht Siúil agus Daoine Socraithe Bhiorra
- Cena Culturally Suitable Homes Teoranta
- Gluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí
- Clúid Housing
- Grúpa Náisiúnta Feidhmithe Sláinte an Lucht Siúil de chuid FSS
- Seirbhís Buiséadaithe agus Chomhairle Airgid (SBCA)
- Irish Coalition to End Youth Homelessness

## Aguisín 2

Is é ról an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil ná:

- Comhairle a chur ar an Údarás Áitiúil maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm aon Chláir Chóiríochta dá limistéar feidhme
- Comhairle a thabhairt maidir le cóiríocht don Lucht Siúil a bhainistiú
- Bealach cumarsáide idir an Lucht Siúil agus comhaltaí agus údaráis na comhairle a chur ar fáil
- Ní mór don Chomhairle dul i gcomhairle leis an gCoiste maidir leis an measúnú ar riachtanais agus clár cóiríochta.